an ea nach mór léiriú a dhéanamh orthu go gcuirtear bac leo ar léiriú breithiúnach ar reachtaíocht náisiúnta faoina n-éiríonn téarma éagórach in aon imeachtaí a bhfuil tomhaltóir páirteach iontu toisc an téarma sin a bheith curtha i gclár na dtéarmaí éagóracha, lena n-áirítear na himeachtaí seo a leanas:

— imeachtaí a bhaineann le díoltóir nó le soláthróir seachas imeachtaí arna dtosú ina choinne chun téarma éagórach a chur i gclár na dtéarmaí éagóracha,

— imeachtaí a bhaineann le téarma nach ionann ó thaobh na teangeolaíochta de ach a bhfuil an bhrí céanna aige agus a bhfuil an fheidhm ceánna aige i leith an tomhaltóra?

([1]) IO, 1993 L 95, lch. 29.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Landgericht Düsseldorf (an Ghearmáin) a taisceadh an 15 Lúnasa 2022 – Air Europa Lineas Aereas v VO, GR**

**(Cás C-545/22)**

(2022/C 424/38)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Landgericht Düsseldorf

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Achomharcóir:* Air Europa Lineas Aereas

*Freagróirí:* VO, GR

**An cheist a tharchuirtear**

An gcaithfear Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ([1]) a léiriú sa chaoi gur cuireadh eitilt ar ceal mar gheall ar imthosca urghnácha i gcás ina ndéanann an aerlíne, tar éis scaipeadh phaindéim Covid-19, toisc gur cliseadh ar aerthrácht domhanda ó Mhárta 2022, a sceideal eitiltí a laghdú go mór mór agus roinnt eitiltí a chur ar ceal de bharr go raibh easpa úsáide eitiltí ann atá éifeachtach ar bhonn eacnamaíoch agus chun sláinte na gcriúnna agus na bpíolótaí a chosaint, cé nach raibh air na heitiltí a chur ar ceal mar gheall ar bhearta riaracháin, amhail dúnadh aerfort, cosc ar eitiltí nó cosc ar iontráil?

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Giudice di pace di Fondi (an Iodáil) arna taisceadh an 18 Lúnasa 2022 — M.M. v Presidenza del Consiglio dei Ministri, Ministero della Giustizia, Ministero dell’Economia e delle Finanze**

**(Cás C-548/22)**

(2022/C 424/39)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Giudice di pace di Fondi